**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/103 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 29 Eanáir 2021**

**gan dé-ocsaíd charbóin a fhormheas mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha den chineál táirge 19**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe an tríú fomhír d'Airteagal 89(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ([2]) ón gCoimisiún, leagtar síos liosta de shubstaintí gníomhacha atá ann cheana a bhfuil meastóireacht le déanamh orthu maidir lena bhformheas féideartha i dtaca lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha. Áirítear ar an liosta sin dé-ocsaíd charbóin (CE Uimh: 204-696-9; CAS Uimh: 124-38-9). Áirítear ar an liosta sin dé-ocsaíd charbóin a ghintear ó phrópán, ó bhútán nó ó mheascán den dá rud trí dhóchán. Ní chumhdaítear dé-ocsaíd charbóin a ghintear ó phrópán, ó bhútán nó ó mheascán den dá rud trí dhóchán leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme seo.

(2) Rinne na rannpháirtithe uile a dtacaíocht a tharraingt siar i gcás dé-ocsaíd charbóin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha den chineál táirge 19, in éarthaigh agus i mealltóirí. D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán cuireadh oscailte chun ról an rannpháirtí a ghlacadh i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014. Níor cuireadh aon fhógra isteach de bhun Airteagal 17 den Rialachán sin. I gcomhréir le pointe (b) den chéad mhír d'Airteagal 20 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014, ba cheart cinneadh neamh-fhormheasa a ghlacadh maidir le substaintí gníomhacha nach dtacaítear leo a thuilleadh sa chlár athbhreithnithe don chineál táirge lena mbaineann.

(3) Dá bhrí sin, níor cheart dé-ocsaíd charbóin (CE Uimh: 204-696-9; CAS Uimh: 124-38-9) a fhormheas mar shubstaint ghníomhach le húsáid i dtáirgí bithicídeacha den chineál táirge 19.

(4) Féadfar leanúint de tháirgí bithicídeacha den chineál táirge 19 agus ina bhfuil dé-ocsaíd charbóin a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid roimh na dátaí a leagtar síos sa dara fomhír d'Airteagal 89(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(5) I gcás ar bith, liostaítear dé-ocsaíd charbóin i gcatagóir 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Féadfar táirgí bithicídeacha den chineál táirge 19 ina bhfuil dé-ocsaíd charbóin a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ar choinníoll go n-údaraítear iad i gcomhréir leis an Rialachán sin agus go gcomhlíonann siad na coinníollacha agus na sonraíochtaí a leagtar síos in Iarscríbhinn I maidir le dé-ocsaíd charbóin.

(6) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Níl dé-ocsaíd charbóin (CE Uimh: 204-696-9; CAS Uimh: 124-38-9) formheasta mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha den chineál táirge 19.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá i dtáirgí bithicídeacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 10.10.2014, lch. 1).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Eanáir 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN